C/2025/2254

29.4.2025

P10_TA(2025)0009

Tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, Phrótacal (2024-2029) maidir le Cur Chun Feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Cabo Verde

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Feabhra 2025 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Phrótacal (2024-2029) maidir le Cur Chun Feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Cabo Verde (11267/2024 – C10-0087/2024 – 2024/0133(NLE))

(Toiliú)

(C/2025/2254)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (11267/2024),

— ag féachaint don dréachtchomhaontú (11026/2024),

— ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 43(2) agus le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), agus le hAirteagal 218(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C10-0087/2024),

— ag féachaint don mheasúnú buiséadach ón gCoiste um Buiséid,

— ag féachaint do Riail 107(1) agus (4), agus do Riail 117(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Fhorbairt,

— ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Iascach (A10-0004/2025),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Phoblacht Cabo Verde.